# Guth Ghoill
## Coiste Céim Aniar

# Beannachtaí na Nollag



**Ba mhaith le Coiste Céim Aniar Nollaig shuimhneach a ghuí oraibh uilig, agus sonas agus rath oraibh sa bhliain atá romhainn. AGUS A PHÁISTÍ!! Bíodh sibh uilig mhur luí go deas luath Oíche Nollag, sa dóigh is go mbeidh am ag Daidí na Nollag cuairt a thabhairt ar gach duine agaibh. Codlaigí go maith!**




## Oíche Nollag

Dá mbeadh mileoidean agamsa
Ní bheadh Críost gan cheol anocht
Is é ag teacht ó áras bán a fhlaitheasa
Chuig an mainséar bocht,
Do sheinnfinn ceol dó chuirfeadh gliondar ar a chroí
Ceol nár chualthas riamh ag píobaire sí
Ceol chuirfeadh na réaltaí ag rince I spéartha na hoíche"



Ag Aifreann amárach beidh an cór ann,
An tSiúr Muire na nAingeal ag an harmoinium
Bríd go géarghlórach
Liam s'againne is snas ar a bhróga
Is gan focal den Laidin ar a eolas
Ach *chorus angelorum.*



Ach dá mbeadh mileoidean agamsa
Is neart ina bholg séidte
Mo dhá ordóg faoi shnaidhm sna strapaí
Mo mhéara spréite
Mh'anam ach go gcuirfinn fáilte roimh Chríost.

Sea mhaise, dá mbeadh mileoidean agamsa
Ní bheadh Críost gan cheol anocht.

le Eoghan Ó Tuairisc.
(Leagan giorraithe)



## *An Spideog:*

*Cluimhreach dhearg ó chlár a héadain go bun a huchta. "Broinndearg" an cur síos is gnáthaí ar an Spideog. Ceiliúr siansach ceoil uaithi ó ait fheiceálach de ghnáth.*



## AG IMEACHT GO MEIRICEÁ 1929.

***Tá sé doiligh ag aos óg an lae inniu a shamhlú cá leis a raibh an saol cosúil san cheantar seo ag tús an chéid deireannach. Ní raibh morán de mhaoin an t-saoil ag teaghlach ar bith – ón lámh go dtí an béal ar an gcuid is mó. An mhallacht a ba mhó a bhí ar an cheantar ná an dífhostaíocht agus de thairbe sin d'fhág na sluaite an ceantar agus an tír agus thug siad aghaidh ar Albain, ar Shasana agus ar Mheiriceá. Ón am a bhí siad ina ndéagóirí, agus leoga níos luaithe na sin, bhí siad ar shiúl i mbéal a gcinn ag sclábhaíocht agus go minic gan morán acu ar son a gcuid saothair. Tá saol an mhadaidh bháin ag aos óg an lae inniu – ré na nguthán póca, D.V.D's, digital cameras agus cártaí plastic. Cuir sin i gcomparáid le aonach an fhostaí, bád Ghlascú, bád Mheiriceá, an léan, an leatrom, an cruatan, an convoy agus an cumdaigh. Nach maith an rud gur athraigh an saol agus cé nach dtuigeann muid corr uair c'acu tá na h-athruithe seo lenár leas nó lenár n-aimhleas is maith an rud gur tháinig an t-athrú. Is fearr i bhfad a bheith ag imeacht go hOileáin Grand Canaria ar laethanta saoire ná a bheith ag imeacht go Oileáin Shetlands ag an 'ghutáil'! Ach chá dtig linn dearmad a dhéanamh de na glúnta a chuaigh romhainn, a d'fhulaing oiread cruatain agus masla le saol níos boige a fhágáil againne.***

***An oíche sula n-imeodh daoine go Meiriceá blianta fada ó shin ba ghnath le oíche mhór a bheith san teach acu. Chuala an chuid is mó de na daoine a bhfuil mean –aois sroichte acu scéalta faoin 'Convoy' mar gur seo an t-ainm a tugadh ar oiche den t-sórt seo. Go minic nuair a rachfadh scéalta amach go raibh 'Convoy' in áit éigin ba ghnáth le scaifte a theacht as achan chearn. Glaodh an 'American Wake' air fosta de thairbhe go raibh tuismítheoirí ag fágáil slan ag mic agus iníonacha go mbfhéidir nach bhfeicfeadh siad go brách arís iad. Cé go mbeadh neart le h-ithe, neart póitín le h-ól, cuid mhór craic, ceol agus damhsa ba oíche í a bhí truacánta agus lán bróin do theaghlach an té a bhí ag imeacht. 'Sé an t-aon rud a mhaolaigh ualach an bhróin na go ndéanfadh imirce iad a shábháil ar shaol díomhaoin nó an sclábhaíocht ar bheagán.***

***Ar an Aoine an 4ú lá fichead de Dheireadh Fómhair 1929 bhí 'Convoy' i dteach Hughie Den i nDumhaigh. Bhí Nansaí an duine ba sine den teaghlach ag imeacht go Mericeá lá arna mhárach. Bhí sí scór bliana d'aois. Tháinig sí fríd an cineáil céanna saol a dtáinig cuid mhaith girseachaí eile dena h-aois thart anseo. Bhí sí ar shiúl ar fostó ag trí bliana déag agus ansin chaith sí tréimhsí ina cailín aimsire thall is abhus ó Bhaile na nGallóglach go Doire agus as sin go Glascú. Ba aintín leí a bhí thall in Philadelphia, Jeannie Den, bean nach bhfaca sí ariamh, a chur anall an ticéad. Bhí na daoine muinteartha uilig agus na comharsain cruinnithe isteach ag an Chonvoy chomh maith le scaifte iascairí as Gaoth Dobhair a bhí ag iascaireacht scadán i mBá na nDúnaibh. Bhí oíche mhór cheoil agus damhsa acu agus tréan póitín le cur leis an ocáid. Mhair an Convoy go maidin agus ansin shiúil sí 'na nDúnaibh agus an scaifte a tionlacan. Agus mar a dúirt sí fhéin – 'Bhí sé cosuil le tórramh' agus dár ndóigh ba tórramh a bhí ann dos na mílte Éireannach nach dtáinig ar ais. Ag na Dúnaibh d'fhag sí slán ag an scaifte a tháinig leí agus ba'n chomhairle dheireannach a fuair sí óna h-athair ná, cinnte a dhéanamh a theacht ar ais. Chuaigh sí isteach ar an bhus go tromchroíoch agus lán cumhaidh agus d'imigh sí leí ar an chéad chuid dá h-aistear go Philadelphia.***

***Ar an mhaidin fhuar dhorcha seo ní raibh sí ar a cuid fhéin ag imeacht go Meiriceá mar gur imigh scaifte measartha ó cheann ceann na paróiste. Cé go raibh cuid de na h-ainmneacha báistí dearmadtha aici bhí cuimhne aicí ar shloinnte an chuid a ba mhó acu. As an íochtar d'fhág Fenny Pháidí Mhadgie, Rosie Phat, Sissie 'nGhréasaí, agus beirt de theaghlach na Hays, Sissie agus Robert. Dfhág Pat Mc Devitt agus fear de na Sweeney's as Umlach agus George Friel as Carraig Airt. As an Ghleann bhí girseach de na Friel's, Johnny Mc Carry, bean de na Sheridan's Maggie Coyle agus Susan Boyle. As an Chaiseal d'fhág Mary Doherty agus diúlach de na Moore's.***

*Bhí an 'Transylvania' ar ancaire ag béal Loch Feabhail, amach ó Mhagh Bhille agus ba seo an linéar a bhéarfadh go Meiriceá iad. Bhí sí le fágáil an lá ina dhiaidh, an Domhnach an séú lá fichead de Dheireadh Fómhair ag an 2 a chlog. Ní raibh siad le dhul ar bord go dtí maidin lá arna mhárach agus chaith an scaifte uilig an oíche in ostlán i nDoire – ba seo páirt den phasáiste. An mhaidin ina dhiaidh sin thug an freastalán iad síos Loch Feabhail le dhul ar bord agus ba ag an bpointe seo a bhuail an cumhaidh i ndáiríre iad agus bhris siad a gcroíthe ag caoineadh. Thóg an linéar an t-ancaire thart fán 2 a chlog agus ar shiúl leí thart fá Choinn Mhálainne. Chá raibh i bhfad go raibh Fánaid agus Ros Goill ar amharc. Bhí an Meall Mór le feiceáil go soiléir acu. Chomhairligh cuid den dream a rinne an turas roimhe dóibh lán na súl a bhaint as na radharcanna deireannacha den talamh a bhí ós a gcomhair. De réir mar d'imigh an Transylvania siar ar chúl Thoraigh d'imigh an talamh as amharc. Ba seo an radharc deireannach a fuair cuid den mhuintir a bhi ar an deic, i gcuideachta Nansaí, ar thalamh na h-Éireann..*



*Seo pictiúr de Neansaí taréis theacht na bhaile agus a teach beag fhein a thógail i nDumhaigh*

## DRÁMA

Seo thíos pictiúr a tógadh ar na mallaibh do Seó na Nollag a bhí ar siúil do pháistí an pharóiste:



Thíos tá cuid de na páistí agus tuismitheoirí a bhí i láthair sa Choláiste Gaeilge don dráma "Fionn agus an Fathach" ar an 9ú Nollaig.



Bhí Daidí na Nollag i láthair fosta, agus chuir sé fáilte croíúil roimh achan duine deireannach agus thug beart deas do gach páiste sa halla. Tá muid fíor bhuíoch dó as an turas fhada a dhéanamh le bheith linn ag an cóisir Nollag.



# Céim Aniar.

**Do chuid páistí agus an Ghaeilge------An bhfuil suim agat?**
**An Tionscnamh Teanga Pobail.**

Chuir muid in iúl díobh cupla mí ó shin go raibh iarratas istigh ag Céim Aniar chuig Roinn Na Gaeltachta ar scéim úr dá gcuid - An Tionscnamh Teanga Pobail (Community Language Initiative). Seo scéim de chuid Roinn na Gaeltachta chun Gaeilge a chur chun cinn i gceantair Ghaeltachta.Ceithre cheantar Gaeltachta a roghnaíodh ar fud na tíre chun tionsnamh den tsaghas seo a chur i bhfeidhm ann agus bhí ceantar Ros Goill ar cheann acu sin. Is tionscnamh trí bliana atá i gceist agus 70,000 euro in aghaidh na bliana an maoiniú a fuarthas chun na himeachtaí uilig a bhaineas leis an tionscnamh a thiomáint 'un tosaigh.

Bhí an t-iarratas a chuir Céim Aniar isteach bunaithe ar pháistí óga faoi shé bliana d'aois. Chun tús a chur leis an tionscnamh tá cúig theaghlach dhéag de dhíth le páiste nó páistí faoi shé bliana a bhfuil a dtuismitheoirí iontach dáiríre faoi iad a thógáil le Gaeilge. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag tuismitheoir amháin, ar a laghad, i ngach teaghlach. Beidh roinnt cruinnithe ar siúl ins na seachtainí amach romhainn chun deis a thabhairt do na tuismitheoirí a bhfuil páistí acu san aois ghrúpa seo tuigbheáil níos fearr a fháil ar na rudaí éagsúla atá i gceist agus chun cuidiú leo a n-intinn a dhéanamh suas faoin scéim. Ina dhiaidh sin agus eile tabharfaidh ionadaí ó M.F.G. cuairt ar thuismitheoirí arís chun tuilleadh plé a dhéanamh agus ina dhiaidh sin beidh ar thuismitheoirí a n-intinn fhéin a dhéanamh suas. Is deis iontach é seo do thuismitheoirí atá dearfach i leith na Gaeilge agus gur mhaith leo líofacht Ghaeilge a thabhairt dá bpáistí,agus chomh maith le sin go mbeadh siad mar pháirt de ghrúpa a mbeadh na haidhmeanna céanna acu. Seo roinnt de na himeachtaí a bheadh ar fáil don ghrúpa teaghlaigh a bheadh rannpháirteach san scéim:

**1.*Grúpa tuismitheoirí agus tachráin a reách-tail .***

***2.Naíonra Gaelach a reachtáil.***

***3.Grúpa páistí ag súgradh a bhunú.***

***4.Campa Samhraidh a reáchtail dírithe ar ealaíon agus spórt.***

***5.Ranganna tacaíochta teangan a chur ar fáil do thuismitheoirí na bpáistí.***

***6.Club Óige de chuid Ógras a bhunú do na páistí.***

***7.Tacaíocht de chineáil eile a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí ag brath ar a n-éileamh.***

Beidh na himeachtaí seo ar fad ann do na páisti ón mhórghrúpa agus 'sé an tábhacht a bheidh ag baint leo ná go mbéifear á reachtáil go huile agus go hiomlán i nGaeilge agus nach mbeidh aon ghéilleadh don Bhéarla iontu. Mairfidh an scéim seo ar feadh trí bliana, ar a laghad, agus ina dhiaidh sin braitheann sé ar an éileamh a bheas air. Déanfar Coiste Stiúrtha a cheapadh ar a mbeidh ionadaithe ó Chéim Aniar, ceantar Ros Goill, Roinn na Gaeltachta, agus Údarás na Gaeltachta.Beidh sé mar dhualgas ar an Choiste Stiúrtha obair an Bhainisteora Teanga a stiúrú chomh maith le monatóireacht agus meastó-ireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean teanga.

***Imeachtaí i ndiaidh am scoile do na páistí eile.***

Ba mhaith le Céim Aniar imeachtaí i nGaeilge a chur ar fáil do na páistí eile, nach mbeidh páirteach san Tionscnamh Teanga,i ndiaidh am scoile. Bheadh na himeachtaí a chuirfí ar siúl ag brath,ar an gcuid is mó, ar éileamh na bpáistí fhéin ach 'sí an aidhm a bheadh leo ná iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chaighdeán labhairt na Gaeilge i measc na bpáistí.

# Scéal Bhríd Ní Ghallchóir.

Is é seo píosa beag fá m'aintín Bríd Mhór agus scéal a thug sí domh ina cuid focail fhéin, fá phíosa shé phingin:

Rugadh mé i mí Feabhra 1924 i nDoire Beaga agus bhí dhá chloigeann déag againn ins an teaghlach. Bhí m'athair mór, Tomás, ansin fósta ag an am agus is mór an trua nar éist muid le go leor de na scéalta a bhí sé ag thabhairt dúinn. Mise an darna duine den teaghlach, bhí Tomás níos sinne ná mé, go mbeidh Dia maith dó.

Bhí mé amuigh ar fostú mar pháiste agus ansin nuair a thosaigh an mhóin sa pharóiste bhí mé ag obair sa phortach ag srathnu móna le m'athair Johnny Thómas Chaitlín, agus mo dhearthar Tómas.

Bhí muid ag fáil pingín agus leath-phingín an t-slat. Obair throm a bhí ann, mar bhí na fir ag baint le sléanna agus iad maith ag gabháil dó. Péire móna a chuirfeadh siad amach ag an am amháin agus bhí an péire sin againne le tógáil mar bhí tuilleadh ag teacht aníos ina ndiaidh. B'fhéidir go raibh cuid acu thíos deich dtroithe, agus bhí orainne an mhóin a bhogadh amach as an chasán acu, anonn giota fada agus caithfidh go raibh muid láidir nuair a bhí muid ábalta cupla péire mór a thógáil, agus iad a iompar anonn.

I ndiaidh sin chuaigh mé ag obair ins na tithe ósta nuair a bheadh cuairteoirí ag teacht ins an tsamhradh. Ní raibh an obair sin bog ach oiread.

Ní raibh leictreachas ar bith ann, nó uisce ar bith ina rith agus bheadh coinneal in achan seomra agus achan uile lá má bhí an choinneal dóite amach churfá coinneal úr ann agus ma bhí fir ins an tseomra bheirfeá suas cruiscín uisce te sa dóigh go dtiocfadh leofa iad fhéin a bhearradh.

D'fhágfá sin ina shuí ag an doras agus bhearfá leat anuas na bróga a bhí fágtha taobh amuigh den doras agus churfá blaicín iontu agus pholishfeá na bróga agus d'fhágfá suas arís iad.

Chaithfeá ansin dhul ar do ghlúine agus na hurláir uilig go léir a snasadh, ansin dhul amach chun tine a chur síos le huisce a bhruith fá choinne an níocháin. i ndiaidh sin bhí an smúdáil le déanamh agus achan rud a bheith reidh la toiseacht arais lá arna mhárach.

Chuaigh mé go hAlban ansin agus buíochas le Dia ar shon na ndaoine a bhí thall ansin, bhí siad iontach maith. Bhí ne-art le hithe agus an pá féireáilte. Ní raibh Béarla ar bith againn ach ní raibh muid i bhfad a phiocadh suas agus fuair muid ar aghaidh go maith.

Dá mbeadh an lá olc ar an Domhnach dfhágfadh an feirmeoir go dtí an teach phobail mé agus d'fhánfadh sé ansin go raibh an t-Aifreann thart le mé a bheith leis na bhaile arís. Má bhí an Domhnach maith rachainn ar an rothar mar bhí daoine as Gaoth Dobhair ag obair ar na feirmeacha lenar dtaobh agus bheadh an chraic maith dhul chuig an aifrinn dúinn. Go ndéanfaidh Dia trócaire orthu mar tá léir acu marbh anois.

Pósadh in Albán mé le Johnny Tom agus bhí triúr de theaghlach againn. Cait-lín, Bríd agus Clare. Tháinig muid na bhaile i 1956 mar bhí Caitlín reidh le to-sacht ar an scoil. Thóg m'athair an teach seo dúinn i 1957 agus tá mé ann ó shin.

Bhí muid ag coinneáilt eallaigh agus caoirigh. Ag baint móna agus ag cur bairr agus bhí búisteoireacht ag m'fhear céile. Tá sé marbh anois le seacht mbliana go ndéanfaidh Dia Trócaire air, agus tá muid go fóill ag baint móna agus a thabhairt na bhaile. Tá fhios agat an seanfhocal "Níl aon tine mar do thine féin". Tá mise den bharúil go raibh siad ag caint fá thine mhóna.

## An Scéal.

Nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois bhí mé ar fostú mar thachrán ag teach. San am sin daoine nach mbeadh páistí acu chun an bhuachailleacht a dhéanamh sa tSamhradh daofa, rachfadh siad chuig teach a raibh páistí ann agus d'fhostaíodh siad tachrán ansin a dhéanadh an bhuachailleacht daofa.

Bhí mé thíos i Machaire Gathlán ag buachailleacht agus bhí girseach bheag i mo chuideachta. Bhí sise ar fostú fosta le duine de na comharsan agus bhí sí sé no seacht míle ar shiúl óna teaghlach féin. Girseach bheag, chiúin, fhaiteach ach sin ráite, oibrí beag maith bhí inti. Achan mhaidin roimh dhul na scoile dúinn, bhei-

rimis muid isteach uisce ón tobar fá choinne an tae agus uisce ón tsrúthán fá choinne an bhairille a líonadh sa dóigh go mbeadh uisce ann fá choinne na prátaí a nigh agus fá choinne do aghaidh nó do lámha a ghlanadh. Bheirimis muid isteach an mhóin fosta agus rud ar bith eile a bhí a dhith sula rachaimis na scoile. Bhí sé deacair go leor bheith in am don scoil agus tú ar fostú.

Cibé ar bith bhéinn féin agus an ghirseach bheag seo i dtólamh dhul na scoile i gcuideachta a chéile agus tháinig sé go dtí an t-am ar an scoil a raibh muid ag athrú na leabharthí.

Bhuel, na daoine a raibh mise ar fostú acu bhí siad iontach maith. Níor fhág siad ariamh ocras orm agus pingin ar bith a bhí de dhíobháil orm bheadh sé agam. Agus an mhaidin seo bhí leabhar beag sums le ceannacht againn. Na leabhartaí beaga a bhí ag gabhail ag an am sin, ní raibh siad ró-chasta, a haon 's a haon a dó, agus a dó 's a dó a ceathair agus ní raibh na sé pingine ag an ghirseach bhocht fá choinne an leabhar a cheannacht, agus achan uile lá rachaimis na scoile agus bhuailtí turdán ar an ghirseach le báta cionns nach raibh na sé pingini aici.

Chá dtuigimsa go dtí an lá seo cad chuige nár thug an mháistreas leabhar beag dithe agus é a bhaint uaithe nuair a bheadh an scoil druidte. Ina áit sin bhí uirthi dhul na scoile achan mhaidin agus í ar crith leis an eagla agus fios ag an chréatúr caidé bhí le theacht. Chuirfeadh sé trua ort ag amharc ar an pháiste bheag ina seasamh ansin costarnocht agus na lámha beaga fineálta amuigh aice ag fanacht ar an bháta.

Ach cibé ar bith an lá seo bhí muid ag buachailleacht i Machaire Gathlán agus chuaigh muid síos go dtí an trá, a cheapadh aníos an eallaigh agus fuair muid cnag deas. Ní shílim gur buaileadh báta ariamh ar an chnag cé acu ar fagadh ansin é fán ár gcoinne nó caidé. Thug muid linn aníos an cnag. Shuigh muid cos cloiche agus bhí muid ag caitheamh an chnaig anonn is anall ag a chéile. Dúirt mise leis an ghirseach dá dtiocfadh fear inneacht amach thuas ar an ard agus é ag imirt gailf, dá rásófadh muid suas go m'fhéidir go dtabharfadh sé rud inneacht dúinn.

Bhuel níl fhios agamsa ca h-as a dtáinig sé ná cá h-as nár tháinig sé ach d'amharc muid suas agus bhí fear ina sheasamh ar an ard. Tchím go fóill an t-éadach a bhí air. Fear uasal agus mála gailf leis agus é ag caitheamh píopa gan buaireadh de chineál ar bith air. Dúirt mise leis a' ghirseach bheag rith suas ach ní raibh sí ró-chróga, ní raibh uchtach aice. Mar sin thóg mé féin an cnag agus rith mé suas fríd na dreasagaí agus creidim nuair a chonaic sé mé ag teacht costarnocht fríd na rudaí seo nach raibh fhios aige caidé bhí ag dhul ar aghaidh. Sheas mé roimhe agus chuir mé amach mo lámh chlé agus an cnag ann. Anois cé acu Béarla nó Gaeilge a bhí ag an fhear, níl fhios agam. Char labhair sé focal agus cha raibh Béarla ar bith agamsa ca bith. Thóg sé an cnag uaim agus chuir sé isteach ina phóca é agus thug sé amach píosa sé phingin agus thug domh é. Rith mise síos chuig an ghirseach agus thug mé an sé phingin daoithe fá choinne an leabhar a cheannach. Síos na scoile linn ar maidin lá thar na mhárach agus an bheirt againn ag scipeáil. Fuair sí an leabhar agus ní raibh buaileadh ar bith ann an lá sin, ach nuair a chuaidh sí na bhaile agus tháinig muid isteach ón bhuachailleacht tráthnóna agus a chuaidh sí a dheánamh na sums amach as an leabhar, tháinig an bhean a raibh sí ar fostú aice thart agus chonaic sí an leabhar."Cá bhfuair tú an leabhar?" a dúirt sí go feargach. Ní thug an ghirseach freagar ar bith uirthe. "Cá bhfuair tú an leabhar?" Arís ní bhfuair sí freagar agus lig sí búire amháin aisti. "Cá háit a bhfuair tú an leabhar a deirim?"

"Bríd a thug cnag d'fhear éigin agus thug sé sé phingin daoithe" a dúirt sí.

Bhuel níor fhan an bhean leis an dárna focal a chluinstin ach amach a' doras léi agus anonn a'talamh bán agus isteach i dteach eile ina raibh scaifte ban ina suí thart ag cniotáil agus ag dhul don snaoisín agus 'sé an chéad scéal a scaoil sí amach na faoin leabhar, an cnag, na sé pingneacha agus deireadh. Bhí na mná ag éisteacht agus dúirt bean amháin acu "Damnú an fear ariamh a thug sé pingine daoithe. Chuaidh sí anonn chuig an clubhouse agus thug sí léi amach as póca fear einneacht é". Bhuel bréag abhí ansin. Ní rachfainnse isteach sa chlubhouse mar nach raibh ár ngnaithe siar a

bealach sin a t-am sin. Bhí an clubhouse beag ina shuí taobh leis an reilig, foirgneamh deánta d'adhmad. Tá mé ag deánamh go bhfuil an dúshraith ansin go fóill, bhí mé ag amharc air lá a raibh mé thíos. Ar scor ar bith ag an am sin ní raibh cead againne dhul siar fhad leis gan trácht ar dhul isteach ann.

Cibé ar bith ní raibh mise ach ag iarraidh bheith ag cuidiúint leis an ghirseach bhocht agus thug mé an sé phingin ina iomlán daoithe, gan a dhath coinniste agam féin agus anois bhí gadaí deánta ag an tseanbhean sin domh.

Bhí go maith is ní raibh go holc. Mhothaigh mo mháthair iomrá ar an scéal ach cha dtug sí aird ar bith air. Bhí fhios aice a h-iníon féin. Is ea a dúirt sí liomsa "a Bhríd a thaisce, gortóidh na clocha thú ach ní gortóidh an chaint thú".

## Agus sin deireadh an scéil.

## *Guth Ghoill.*


*D'éirigh thar barr le Guth Ghoill i rith na bliana agus chuir an pobal suim mhór ins na haltanna éagsúla a bhí ann ; logainmneacha, agallaimh le daoine aosta, seanphictiúirí, seanfhocla srl. Tá moladh mór tuillte ag Micheál Mac Laifeartaigh (Micheál Mharcuis), Máire Nic Suibhne ('ac Fhionnlaoch), Fionnghuala Harte (Finola Húdaí), Caitlín Uí Mhaoileoin agus ag Fiona Pasoma as ucht na hoibre móire a dhéanann siad ag cur chuile rud le chéile agus ag cinntiú go mbíonn sé amuigh in am. B'fhéidir go bhfuil daoine amuigh ansin sa phobal gur mhaith leo lámh chuidithe a thabhairt nó go bhfuil smaointe acu,b'fhéidir, maidir le dóigheanna chun an iris a fheabhsú nó cur leis. Má tá, ná bíodh leisc ar bith oraibh a theacht isteach agus bhur dtuairimí a nochtadh. Agus chomh maith leis sin má tá daoine amuigh ansin a bhfuil seanphictiúirí nó seanscéalta acu agus gur mhaith leo iad a fheiceáil san iris beidh fáilte mhór rompu. Ach do na daoine sin uilig a thug altanna, eolas, logainmneacha, seanfhocail, seanphictiúirí nó a rinne agallamh don iris tá muid go mór faoina gcomaoin agus tá súil againn go dtabharfaidh sibh an tacaíocht chéanna dúinn an bhliain seo chugainn.*

## Oíche Ghaelach:

Thíos tá pictiúirí a tógadh ag an Oíche Ghaelach sa Síbín Ceoil ar an 10ú Nollag seo thart.




Bhí scéalaíocht, agallaimh beirte, ceol traidisiúnta, amhránaíocht Ghaeilge, filíocht agus neart craic ar an oíche



Beidh tuairisc agus traidhfil eile pictiúr ag ainn sa chéad eagrán eile.

# An tSeisreach
## (Céachta)



1. Lámh Crainn
2. Na Goid
3. Reasta
4. Coltair
5. Tarrac
6. Lúbóg
7. Soc
8. Geinnteach
9. Sparra
10. Más



***<u>Seanráitis:</u>***

*Tosach loinge clár.*
*Tosach átha clocha.*
*Tosach fleá fáilte.*
*Tosach sláinte codladh.*
*Deireadh loinge bá.*
*Deireadh átha loscadh.*
*Deireadh fleá cáineadh.*
*Deireadh sláinte osna.*

## Cupla seanfhocail díbh:

Ná gearradh do theanga do shrón féin.
Is minic paidrín fada ag rógaire.
Is fearr beagán cuidithe ná mórán trua.
Ní hé an té is fearr a thuileann is mó a fhaigheann.

# Rosgoill – Bailte Fearainn

Cá bhfuil teorann Rosgoill? Tá an fharraige mhór ar an taobh ó thuaidh, agus an Mhaol Ruaidh ar an taobh thoir, ach cé'n fhad a shíneann sé siar agus ó dheas?? Na Bailte Fearainn féin.

Tá súil againn cur síos a dhéanamh ar na bailte fearainn uilig sa pharóiste, agus scéal na mbailte úd a inse mar a bhí siad sa tsean am. Ba mhaith linn cluinsint uaibh le na cumhneacháin atá agaibh ar rudaí a thárla agus ar dhaoine a mhair, í bhur mbailte fearainn féin.

Tá an paróiste roinnte ina dhá pháirt – an t-íochtar agus an t-uachtar. Tá an tíochtar roinnte arís, an taobh thoir, agus an taobh thiar. Tá léar bailte fearainn ann agus iad roinnte fosta.

Le tús a chur le scéal na mbailte fearainn ar a'taobh thiar taimid ag toiseacht leis an Árd Bán.

## An tArd Bán.

Tá an tArd Bán i gceist lár an taobh thiar. Tá Dubhaigh idir í agus an fharraige mhór ar an taobh ó thuaidh, Doire A' Chasáin ar an taobh theas, Croich an Toir ar an taobh thiar agus Cnoc Mór ar an taobh thoir.

Ta an tArd Bán roinnte ina cheithre páirt



1. An Baile Uachtarach
2. An Baile Láir
3. An Drom Rua.
4. Baile an tSléibhe.

## An Baile Uachtarach:

Nuair a iompaíann tú isteach an boithrín go dtí an tArd Bán (tá comhartha deas eibhir ann anois) tá tú sa Bhaile Uachtarach. Tá sean bhallóg ar achan taobh den bhóithrín – Teach John Thuathail agus teach Thuathal Dhonnchaidh Ruaidh. Tá teach deas úr tógtha ag Donnchadh Mac Giolla Bhríde (An Táilliúr) istigh i gcúl theach John Thualthail. Ansin thuas ar mhullach an Mhallaigh tá teach Channainn, (deirtear gur sin an teach is sine san íochtar) – Tá teach Dhonaí Uí Cannainn ar a chúl, cupla teach saoire, agus ansin Teach Sarah Bhrianaí Brown atá druidte suas le roinnt blianta

## An Baile Láir.

Baile beag seascair a bhí san Bhaile Láir suite istigh in ascall an chnoic. Bhí sé theach ann agus iad ar thrí leibhéal. Bhí leac mór idir na léibhéil ar a mbeadh páistí ag sleamhnú, creathnach ag triomú agus seandaoine ag comhrá, ag caitheamh tobac agus ag déanamh comhluadair.

Ar an léibhéal uachtarach bhí teach Dhonnchaidh Bhig, agus teach Doncaidh (Ó Gallchobhair). Ar an léibhéal láir bhí teach John Phaidí agus teach Mhicí Eoghain, iad ceangailte faoi aon díon agus ansin dhá theach aonair – teach John Dhonnchaidh agus teach William Chian, (leagadh í seo le goirid agus togadh teach mór dhá stoir ina áit). Ta teach Mhicí Hiudaí scaite óna tithe eile uilig togtha roimh thús an 20ú céad. Tógadh an teach fán bhliain 1917. bhí na tithe eile uilig tógtha roimh thús an 20ú céad. Tá na tithe uilig druidte suas ná ina sean bhallogaí anois. Áit iontach a bhí sa Bhaile Láir le bheith ag éirí aníos ann. Bhí achan doras foscailte i gcónaí agus achan nduine amach agus isteach chuig a chéile. Bhí na daoine fial flaithiúl agus bainne, scadáin agus móin a roinnt idir na comhairsan.

Bhí tionscail na h-olna go láidir sa bhaile Láir. Bhí caoirigh ar an chnoc, túirní ar an teallach, agus dealgáin i lámha na mban. Bhí Ellen John Pháidí, Nellí Thuathal, Máire Thuathal agus Péigí Bhán ag cniotáil geansaithe galánta d'óg agus aosta. Bhí "fair isle" faiseánta le linn na ndaiceadaí agus na gcaogaidí agus d'iompaigh siadsan amach na céadaí baill éadaigh, chomh maith agus bhí sa domhan. Mhúin siad a gceird don aos óg, agus leoga tá sí beo go fóill – agus tchím go bhfuil an "fair isle" faiseánta arís.

## An Drom Rua

Leath bealaigh suas mallaigh an Droma, tá an Drom Rua. Tá comhartha deas eibhir agus "An Baile Lár" scríofa air, ag an bhealach ag gabhail go dtí an Baile Lár, ach os cionn a' bhealaigh ar an taobh chlé tá an Drom Rua. Sé tithe a bhí ansin sa tsean am. Teach Mhuiris Bhiddy, níl a dhath de sin fágtha, teach Channain,agus teach Eoghan Mhóir, atá druidte suas le fada – teach Jimmy Johndie, nó teach Mhic Laifeartaigh, an t-aon teach de na sean tithe atá beo beathach go fóill. Tá Katie (Nic Rodaigh) agus a clann ina chónaí ann. Tá teach deas úr tógtha ag a h-iníon thuas ar bharr an chnoic ag amharc amach ar an fharraige. Tá teach Dhonnchaidh Eoghain Mhóir ar an taobh thuaidh den bhealach druidte leis na blianta. Thuas ag bun an chlocáin bhí teach Sheáin 'Chain nó teach Choley, ach d'imigh bunadh an tigh sin go Meirica i bhfad ó shin.

## Baile an tSléibhe.

Déarfainn nach bhfuil áit i nÉirinn chomh sainiúil (unique) le Baile an tSléibhe. Tá sé tuairim is trí mhíle isteach ón bhealach mhór fríd an chnoc, ó theach Pobal Gáinne. Tá radharcanna iontacha le feiceáil ar an bhealach sin, agus is mór is fiú duit cuairt a thabhairt air.

Seacht dtithe a bhí ann sa tsean-am agus achan teach beo le fuaim na dtúirní agus na gcartaí, agus an craic.

Bhí teach Bhrianaí Choncubhair Ruaidh ann áit a bhfuil Danny Duffy ina chónaí go suaillceach agus é ins na ochtmhadaí. Tá teach Phaddy Bhrianaí Choncubhair, agus teach Dan Concubhair Ruaidh, druidte, nó ina sean-bhallogaí mar atá teach Nan Dhonnchaidh Mhícheáil, agus teach John Mhici. Tá teach Nóthaí Bhrianaí Choncubhair ina sheasamh agus in órd mhaith, cé nach bhfuil bealach mór isteach chuige. Bhí teach na Spíoraí (Shields) thuas ar mhullach an chnoic mhóir, ach is i mbaile fearainn Dubhaigh, atá an cnoc mór. Tá teach John Sheáin Jack ceannaithe ag Máire Ní Néill, áit a bhfuil B&B ar siúl aici.

Ba mhaith linn cuir síos a dhéanamh ar na bailte fearainn uilig san áit. B'féidhir gur mhaith leat scríobh fá do Bhaile Fearainn féin – más maith, ba mhaith linn cloinsint uait. Glaoigh orainn ag 074 9154830.





## An Sneachta:

D' éirigh mé go luath ar maidín,
D' fhéach mé amach an fhuinneog,
Lig mé béic mhór asam,
Mar chonaic mé sneachta sa ghairdín.

Rith mé go tapaí síos an staighre,
Bhí áthas an-mhór i mó chroí,
Níor ith mé mo bhricfeasta,
Ach is cuma bhí mé ag gáire.

Bhí áthas i mo chroí,
Agus chaith mé liathroidí sneachta,
An oíche bhí mé an-tuirseach
Sa leaba is mé i mo luí.

Eleanor Mee.
Scoil Cholmcille,
Duibhlinn Riabhach.

# *Drámaíocht.*

**D'éirigh go hiontach le cúrsaí drámaíochta na bliana anuraidh agus tá moladh mór tuillte ag Francie Ó Cuilinn de thairbhe sin. D'éirigh linn an chuid is mó den mhaoiniú a fháil chuige seo ó rannóg ealaíon agus cultúir Údaras Na Gaeltachta agus tá muid an-bhuíoch d'oifigeach an Údarais Séamus Ó Gallchóir mar gheall air sin. Scríobh Francie dráma ar bhain bunadh an cheantair an- sult as agus chomh maith leis sin d'éirigh leis fáil fríd go dtí an Comórtas Náisiúnta Drámaíochta ar a chéad iarracht agus bhain na haisteoirí uilig sásamh iontach as sin. Is suntasach an méid a rinneadh in achar ghearr.**

**Bhí Céim Aniar den bharúil go raibh tábhacht mhór ag baint leis an aos óg ó thaobh na drámaíochta de mar nach bhfuil morán dóigheanna níos taitneamhaí do pháistí chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú ná trí dhrámaíocht. Tá maoiniú geallta ag Roinn na Gaeltachta agus tá Francie fostaithe agus i gcionn oibre. Tá dráma do pháistí scríofa aige cheana féin agus tá sé bunaithe ar scéal atá fíor. Beidh páistí Scoil Naomh Bríd ag cur an dráma seo ar an ardán agus tá súil aige dráma a bheith réidh do Scoil Dhuibhlinn Riabhach chomh maith. Beidh seo uilig ag tarlú amach sa bhliain úr. Mar go mbeidh an obair seo uilig ar siúl i nGaeilge beidh sé ina chuidiú mór ag na páistí le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. 'Sé an aidhm atá ag Francie don bhliain seo chugainn ó thaobh na mbunscoileanna de ná an dá scoil a thabhairt le chéile agus ceoldráma maith a dhéanamh don Nollaig. Thig a bheith cinnte má bhíonn an maoiniú ar fáil go dtiocfaidh toradh ar an smaoineamh.**

**Tá Francie ag obair ar dhráma do dhaoine fásta faoi láthair agus maíonn sé go bhfuil sé chomh greannmhar le Fear An Gheafta. Ní bheidh sé réidh le dul ar an ardán go dtí Mí Aibreáin is cosúil. Beidh Aisteoirí Mhí-obhaigh ag dul i gcionn oibre arís ag tús na bliana úire. Guímis gach rath orthu.**



**Na trí iasc is gaiste san fharraige:**

1. An Roc.
2. An Rón.
3. An Ronnach.

## Ceardlann Drámaíochta.

Tá Céim Aniar, Proinsias Ó hOireachtaigh (Frank Phaidí Mhánuis), Cathaoirleach an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta, agus Francie ag súil le Ceardlann Drámaíochta a reachtáil sna Dúnaibh deir-eadh seachtaine éigin i Mí Feabhra. Níl na dátaí socraithe go fóill. Beidh fáilte mhór roimh dhuine ar bith a bhfuil suim aige nó aici i gcúrsaí drámaíochta freastal a dhéanamh ar an cheardlann seo. Beidh níos mó eolais faoi sin ar fáil amach anseo.





## Pádraig Ó Gallchóir.
## -Paidí Mhicí Mhánais.

*Rugadh Pádraig Ó Gallchóir nó Paidí Mhicí mar a bhí aithne againn uilig air ar an Ghlíob ar an t-ochtú lá d'Aibreán 1930. Ba é an dara duine clainne ag a mháthair Sally Dhonnchaidh Mhíchíl as Cluain t-Salach agus ag a athair Micí Mhánais. Ochtar clainne ar fad a bhí ann agus tá triúr acu beo i gcónaí— Máire i mBirmingham, Proinsias i nGlascú, agus Mánas i nGort A' Choirce. Tógadh ar an Ghlíob é agus fuair sé a chuid oideachais i Scoil Náisiúnta Mhíobhaigh. Seacht mbliana déag d'aois a bhí Paidí nuair a fuair a mháthair bás.*

*Chaith Paidí tréimhsí ama anonn agus anall go hAlban i dtús báire sular thosaigh sé ag obair i monarcha Mhic Nutt i mí Meán Fómhair na bliana 1955. D'obair sé ansin go dtí an bhliain 1970.*

*Sa bhliain 1960 phós sé a bhean chéile Violet agus chuir siad fúthu i gCeann Na Leargaí áit ar thóg siad a gclann, triúr mac— Séamus,Johnny,agus Micheál,agus beirt iníon—Sally, agus Máire Treasa. Chaith Paidí blianta fada ag obair go díograsach ar a fheirm agus níl amhras ar bith ná go raibh sé cóngarach don nádúr.*

*Thaitin imirt chártaí go mór leis agus is iomaí oíche a chaith sé ag imirt sa scoil chártaí a bhíodh acu 'tigh Dinis Phaidí Mhór.Rud eile faoi Phaidí nach mbeadh morán eolais ag daoine faoi agus b'é sin nach raibh morán daoine ar an Ghlíob,fir nó mná, a bhí inchurtha leis ag déanamh toirtín. Fear a bhí i bPaidí a raibh saibhreas mór Gaeilge ann agus ní iarrfá an phléisiúir ach a bheith ag éisteacht lena chuid seanchais mar nach raibh an greann ariamh i bhfad óna intinn agus chomh maith leis sin bhí cuimhne iontach aige ar imeachtaí agus ar eachtraí a tharla nuair a bhí sé féin ag éirí aníos.*

*Bhí sé fial, flaithiúil agus garach lá nó oíche agus mar chomharsan ní raibh a shárú le fáil. Déanfaidh Violet agus a clann é a chrothnú go mór uatha agus, leoga, nach ndéanfaidh muid uilig. Ar dheis lámh Dé go raibh a anam dílis Gaelach uasal.*

## C'áit 'sna Dúnaibh?

**Seo pictiúr do Mhicí Hhudaí agus Alan Sutherland agus asal beag dubh, ach c'áit ar glacadh é? Áit éigint sna Dúnaibh – Sibhse a bhfuil cuimhne agaibh ar an áit seo mar a bhí sé seal insígi dúinn.**

**Tá,s ag an chuid is mó againn cé hé Micí Hiudaí ach cé hé Alan Sutherland – scríobh chugainn agus inis dúinn.**

**Seo páipéar na ndaoine. Ba mhaith linn sibh bhur dtuairimí agus bhur ngearáin a chur i n-iúl duinn.**

